

TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

Bainisteoir Tionscadail FRS Caisleán Na Finne

An Oifig Tionscadail: RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

Ríomhphost: castlefinnfrs@rpsgroup.com

NAISC ÁBHARTHA

Láithreán Gréasáin: <https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs/>

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

CAISLEÁN NA FINNE

Scéim Faoisimh ó Thuilte

Nuachtlitir Uimh. 2
Feabhra 2021

<https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs>



CÉN CHÉIM ATÁ BAINTE AMACH AG AN TIONSCADAL?

Ó eisíodh Nuachtlitir dheireanach an Tionscadail (Nuachtlitir Uimh.1, Samhain 2020), rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas a chríochnú nó tá siad ar bun.

Cuireadh Comhairliúchán Poiblí Tosaigh fíorga / ar líne ar siúl ón 9 Samhain go dtí an 21 Nollaig 2020. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin an scéim a thabhairt isteach agus eolas luachmhar áitiúil a bhailiú agus deis a thabhairt i gcomhthráth do pháirtithe leasmhara agus baill den phobal eolas a chur ar fáil do dhearadh na scéime trí aon mholtaí nó buarthaí a thabhairt le fios. Fuarthas sé aighneacht déag (fuarthas ceithre cinn déag díobh ó dhaoine a bhí thíos le tuile). Tá foireann an tionscadail buíoch de gach aighneacht a fuarthas agus tá athbhreithniú á dhéanamh acu orthu faoi láthair.

Tá an tréimhse chomhairliúcháin thosaigh dúnta anois ach tá an t-eolas go léir ar an tionscadal ar fáil go fóill ar láithreán gréasáin an tionscadail www.countydonegalfrs.ie/castlefinn, sonraí teagmhála san áireamh don fhoireann, más mian leat teagmháil a dhéanamh leo. Cuirfear an dara comhairliúchán poiblí ar siúl nuair a sainaithníodh rogha is fearr chun gur féidir leat a thabhairt faoi deara conas a rinneadh do chuid aighneachtaí a chur san áireamh.

Tá Murphy Geospatial (www.murphygs.ie) ag tabhairt faoi shuirbhéireachtaí tairsí ar réadmhaoin faoi láthair chomh maith le suirbhéireacht mhionsonraithe abhann agus talún. Baileoidh na suirbhéireachtaí seo na sonraí a theastaíonn chun samhail ríomhaire atá cothrom le dáta a fhorbairt ar Abhainn na Finne, ar na sruthchúrsaí a shreabhann isteach, ar na cosaintí atá ann faoi láthair agus ar na tuilemhanna sa cheantar. Déanfaidh an tsamhail cásanna sreafa a ionsamhlú chun méid agus doimhneacht tuile a dheimhniú. Sainaithneofar in aschur na samhla réadmhaoin atá i mbaol tuile agus cuirfidh siad eolas ar fáil do bhearta cosanta ar thuilte a dhearadh.

Chuir foireann an tionscadail Ceardlann Theicniúil Hidreolaíochta ar siúl an 16 Nollaig 2020, chun plé agus comhaontú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith Hidreolaíochta leis an nGrúpa Stiúrtha. Tá obair ar siúl anois chun na sreafaí criticiúla abhann agus na cásanna tuile a dheimhniú a dhéanfar a ionsamhlú i samhla hidreolaíochta. Déanfaidh aschur na samhla seo riosca i gcás tuilte a chainníochtú agus a léarscáilí de réir an leibhéil sonraí a theastaíonn chun an Scéim a dhearadh. Tá staidéar déanta againn ar shaintréithe fisiciúla na ndobharcheantar a imríonn tionchar ar uisce a ritheann chun srutha agus tá anailís á dhéanamh againn ar shonraí ó thomhsairí hidriméadracha (sreabhadh abhann agus leibhéal uisce) agus ar stáisiúin mheitéareolaíochta (báisteach). Cuirfear sonraí iomlána faoin anailís a dhéantar agus faoi na torthaí ar fáil i dTuarascáil Hidreolaíochta a bheidh ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail nuair a bheidh sé críochnaithe.

Cuireadh Ceardlann Chomhoibrítheach Tosaigh ar siúl (trí fhíschomhdháil) an 19 Eanáir 2021 agus d'fhreastail ionadaithe éagsúla gníomhaireachtaí san earnáil poiblí air. Ba iad príomhaidhmeanna na ceardlainne aon saincheisteanna, srianta agus deiseanna a shainaithint agus a phlé a d'fhéadfadh eolas a chur ar fáil d'fhorbairt na Scéime; agus aon ghnéithe a shainaithint a d'fhéadfaí a thabhairt san áireamh chun tairbhí iolracha a chruthú. D'fhreastail go leor daoine ar an gceardlann agus bhí sí an-áisiúil chun ionchur a bhailiú ó chomhlachtaí reachtúla eile a imreoidh tionchar ar anailís agus dearadh.

Tá tuarascáil Staidéir ar Shrianta Comhshaoil á dhéanamh ag an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (an TDC) ina dtugtar chun solais an méid is gá a chur san áireamh nuair a bhíonn Scéim atá inghlactha ó thaobh cúrsaí comhshaoil de á dearadh. Tá súil á caitheamh ar shrianta maidir le Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána, Ithreacha agus Geolaíocht, Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúrtha, Úsáid Talún agus Sócmhainní Ábhartha, Tírdhreach agus Tionchar Amhairc, agus Daonra agus Sláinte an Duine. Rinneadh réamshuirbhéanna allamuigh freisin chun íomhá fhoriomlán den bhonnlíne éiceolaíochta a chruthú agus an gá atá le suirbhéireachtaí níos mionsonraithe a dhéanamh i mbliana a shainaithint. Nuair a bheidh an tuarascáil críochnaithe, beidh sí ar fáil lena híoslódáil ó láithreán gréasáin an tionscadail.

D'ullmhaigh an TDC Plean Bainistíochta Speiceas Ionrach (PBSI) i gcomhar le CCDG agus OOP. Sainítear sa phlean seo láthair speiceas éagsúil ionrach neamhdhúchasach maidir le Scéim Faoisimh ó Thuilte Chaisleán na Finne. Caithear na speicis seo a rialú agus a bhainistiú chun an baol go gcuirfear isteach ar dhearadh agus ar thógáil na Scéime. Leagtar amach sa Phlean conas speicis ionracha a bhainistiú agus/nó a dhíothú sula ndéanfar é a dhearadh agus a thógáil. Rinneadh Glúineach Bhiorach i gCaisleán na Finne a chóireáil go luath i bhfómhar na bliana 2019 agus 2020. Tá foireann an tionscadail ag oibriú anois le CCDG lena shocrú chun Feabhrán Capaill, Glúineach Bhiorach agus Glúineach Spíceach a chóireáil níos mó ar bhonn leanúnach.

TIONCHAR AN CHORÓINVÍRIS (COVID-19)

D'oibrigh foireann an tionscadail go dian dícheallach lena chinntiú go gcloíonn gach gníomhaíocht faoina dtugtar mar chuid den tionscadal leis an treoir sláinte poiblí maidir leis an gCoróinvíreas agus iarracht á déanamh i gcomhthráth chun na tionchair dhiúltacha a imríodh ar chlár an tionscadail a laghdú. Ní fhéadfadh an comhairliúchán poiblí tosaigh titim amach mar imeacht ar fhreastail daoine i bpearsan i gCaisleán na Finne, ach cuireadh comhairliúchán fíorga ar siúl ar líne ina ionad sin agus scaipeadh cruachóipeanna den cháipéisíocht ábhartha ar theaghlach agus ar ghnólachtaí go háitiúil freisin.

Lean Grúpa Stiúrtha an SFT (ina bhfuil Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), Comhairle Contae Dhún na nGall agus an TDC) ag casadh le daoine go rialta trí úsáid a bhaint as físchomhdháil. Mheas údarás áitiúla gur seirbhís bhunriachtanach iad scéimeanna faoisimh ó thuilte a thabhairt chun cinn agus cheadaigh seo, ar an ábhar sin, do na suirbhéireachtaí topagrafacha leanúint ar aghaidh i rith mhí Eanáir agus Feabhra. Anuas air sin, rinne baill eile d'fhoireann an tionscadail réamshuirbhéanna sa limistéar staidéir.

BREAC-CHUNTAS AR CHLÁR NA SCÉIM

	Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Céim 1	Bailiú Sonraí agus suirbhéanna	■					
	Anailís Hidreolaíochta	■	■				
	Anailís Hidrálach	■	■				
	Anailís agus forbairt na Scéime		■	■			
Céim 2	Pleanáil			■			
Céim 3	Dearadh mionsonraithe na Scéime				■		
Céim 4	Oibreacha tógála					■	
Céim 5	An Scéim a hOibriú						■

An meastachán is fearr atá sna hamlínte a chuirtear ar fáil agus b'fhéidir go dtiocfaidh athrú orthu.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Bailiú Sonraí: Tá Bailiú Sonraí ar siúl. Is spéis le foireann an tionscadail grianghraif, físeáin, sceitsí nó aon eolas ábhartha eile a fháil maidir le teagmhais tuile a tharla roimhe seo ó na daoine a raibh taithí phearsanta acu orthu, go háirithe ón mbliain 2015 ar aghaidh. Cabhróidh an t-eolas a chuirtear ar fáil le foireann an tionscadail an tsamhail abhann agus dearadh na scéime faoisimh ó thuilte a bheachtú. Má bhíonn aon eolas agat a d'fhéadfadh a bheith áisiúil, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le foireann an tionscadail.

Suirbhéireachtaí: Cuireadh tús leis na suirbhéireachtaí ar chainéal na habhann agus ar an talamh in Eanáir 2021 ar Abhainn na Finne, sruthchúrsa Chorr Chuilinn agus ar roinnt fo-aibhneacha níos lú, agus sa cheantar máguaird. Tá an tsuirbhéireacht in ainm is a bheith críochnaithe go luath. Tá Suirbhéireachtaí ar an mBail ar Shócmhainní Cosanta (DAC) ar na cosaintí tuile atá ann faoi láthair le tosú i bhFeabhra 2021.

Anailís Hidreolaíoch: Tá an anailís hidreolaíoch, anailís san áireamh ar shonraí stairiúla tuile, ar siúl. Tá sreabhadh tuile dearaidh agus leibhéil uisce dearaidh le haghaidh cásanna éagsúla tuile á bhforbairt. Cuirfidh iad seo, anuas ar shonraí an tsuirbhé, an t-ionchur riachtanach ar fáil don tsamhail ríomhaire mar chuid den anailís hidrálach.

Anailís Hidreolaíoch: Cuirfear tús leis an tsamhail ríomhaire i Márta 2021 i ndiaidh go bhfaightear an t-eolas topagrafach suirbhéireachta.

Measúnú Timpeallachta: Tabharfar faoi shuirbhéireachtaí breise mionsonraithe timpeallachta de réir mar a dhéanann forbairt na scéime dul chun cinn, leictriascaireacht, suirbhéireachtaí ar speicis chosanta, e.g. tugadh gníomhaíocht dobharchúna agus broc faoi deara feadh an stráice seo d'Abhainn na Finne, suirbhéireachtaí seandálaíochta agus ailtireachta, suirbhéanna torainn agus imscrúduithe láithreáin, san áireamh i measc rudaí eile. Cuirfidh na srianta comhshaoil a shainaithneofar eolas ar fáil do bhreithmheas a dhéanfar ar na roghanna don scéim faoisimh ó thuilte agus cinntíonn seo go ndéantar breithniú orthu luath sa phróiseas dearaidh agus go ndéantar measúnú daingean ar thionchar féideartha comhshaoil na rogha scéime.